

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO  
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELGE**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE  
FÓMHAR, 2018**

---

**An Triail Scríofa - 100 MARC**

---

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).  
Freagair cúig cheist.**

---

**ROINN A**

**SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL**

**Freagair Ceist 1 nó Ceist 2**

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):  
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig comhlacht i do cheantar ag gabháil buíochais leis an mBainisteoir as ríomhaire agus ceamara digiteach a bhronnadh ar an scoil.
2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):  
Mar an Príomhoide ar do scoil scríobh litir chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag lorg airgid chun clós nua scoile agus cúirt chispheile a leagan.

(30 marc)

**ROINN B**

**AISTRÍÚCHÁIN**

**Freagair Ceist 3 agus Ceist 4**

3. Aistrigh go Gaeilge:-
  - (a) You are late, children. Hurry up!
  - (b) Clean your shoes, Seán and hang up your coat.
  - (c) It's very dark this morning. Turn on the lights, Peadar.
  - (d) Collect the copybooks, Síle and put them on my table.
  - (e) How many people are absent today?
  - (f) Now children, you may eat your lunch.
  - (g) Ciarán! Never hit anybody. Are you listening to me?
  - (h) How did you hurt yourself, Máire?
  - (i) Get the First Aid Box, Eoghan.
  - (j) Show me the picture you have drawn, Mairéad.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

- Principal: Welcome back, Úna. It's nice to see you again. Did you have a nice summer?  
Teacher: I did, indeed. It was very nice, Cormac.  
Principal: Were the children able to buy all the books on your booklist during the summer?  
Teacher: They were. I think everyone has all the books by now.  
Principal: That's great. You'll be able to get started straight away.  
Teacher: Have you seen this new Irish book? I got it in the book shop last Saturday.  
Principal: Show it to me. It's big enough anyway. What price is it?  
Teacher: I think it's over twenty euro.  
Principal: It makes no difference now anyway.  
Teacher: I'll use it myself now and again during the year and find out what it's like.

(20 marc)

## ROINN C

### GRAMADACH

#### Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

**An Briathar:**

1. A chailíní! Ná (cuir) \_\_\_\_\_ bhur mbróga ar an mbord.
2. A Phóil! (Tabhair) \_\_\_\_\_ do chóipleabhar dom le do thoil.
3. Níor (bácáil) \_\_\_\_\_ na páistí aon cháca inné.
4. Ní (seinn: siad) \_\_\_\_\_ na feadóga móra gach lá.
5. Ar (tar: tú) \_\_\_\_\_ ar ais ar an mbus aréir?
6. (Oscail: sí) \_\_\_\_\_ an doras, dá mbeadh eochair aici.
7. An (clois: tú) \_\_\_\_\_ ó d'aintín amárach?
8. Nach (feic: sé) \_\_\_\_\_ *Ros na Rún* aréir?
9. (Ceannaigh: mé) \_\_\_\_\_ ceapaire gach lá.
10. Dá mbeadh tart orthu, (ól: siad) \_\_\_\_\_ uisce.
11. (Bailigh: sé) \_\_\_\_\_ na pictiúir go léir amárach.
12. (Roghnaigh) \_\_\_\_\_ an Leas-Phríomhoide nua inné.
13. (Ith) \_\_\_\_\_ lón sa scoil sin ar a leath uair tar éis a dó dhéag gach lá.
14. Deir Orla (cuireann) \_\_\_\_\_ sí glao ar a deirfiúr gach lá.
15. Dúirt na buachaillí (ní fhaca) \_\_\_\_\_ siad an cluiche inné.
16. Dúirt Caitriona (gabhfaidh) \_\_\_\_\_ sí buíochas leis na cailíní amárach.
17. Tá na cóipleabhair go léir (bailigh) \_\_\_\_\_ ag an múinteoir.
18. Is aoibhinn liom a (bí) \_\_\_\_\_ ag seinm ceoil.
19. Dá (múch: sí) \_\_\_\_\_ a fón póca, ní bheadh an cadhnra ídithe.
20. Má (clois: tú) \_\_\_\_\_ ó Shíle, an gcuirfidh tú teachtaireacht chugam?

**An Chopail:**

21. Ní (imreoir camógaíochta) \_\_\_\_\_ í Caitlín.
22. Nach (iad) \_\_\_\_\_ sin na cailíní is ceolmhaire?
23. Ar (dochtúir) \_\_\_\_\_ í do mháthair?
24. Ba (é) \_\_\_\_\_ Pádraig tiománaí an bhus.

**An tAinmfhocal**

25. Tá an (am [fir.]) \_\_\_\_\_ istigh anois.
26. Tá an (bialann [bain.]) \_\_\_\_\_ sin an-chompordach.
27. Chaith Seosamh trí seachtaine sa (Frainc) \_\_\_\_\_.

28. An ndearna tú staidéar ar na (Amharcealaíona) \_\_\_\_\_.
29. Bíonn sos lárthearma againn ag deireadh (an fómhar) \_\_\_\_\_.
30. Is breá le mo sheanmháthair ceol (an chláirseach) \_\_\_\_\_.
31. Tá na páistí ag ithe (na húlla) \_\_\_\_\_ a fuair mé san úllord.
32. A Áine! Croch cótaí (na páistí) \_\_\_\_\_ ag bun an tseomra le do thoil.

### **An Aidiacht**

33. Tá Peadar (níos: óg) \_\_\_\_\_ ná Aodh.
34. Is é an fómhar an séasúr (is: álainn) \_\_\_\_\_.

### **An Aidiacht Shealbhach**

35. Chuaigh Máirín agus (a: deartháir) \_\_\_\_\_ ag seoltóireacht.
36. Ar thug tú an litir do (do: athair) \_\_\_\_\_?

### **An Forainm Réamhfhoclach**

37. Bhí sí ag gáire (faoi: sinn) \_\_\_\_\_.
38. A chailíní! Tá an-mhuinín agam (as: sibh) \_\_\_\_\_.

### **Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos**

39. A Aoife! Tá na nótaí thíos in Oifig an Phríomhoide. An rachaidh tú \_\_\_\_\_ chun iad a fháil?

### **Isteach, Istigh; Amach, Amuigh**

40. Tá sé an-fhliuch amuigh. Fanfaidh na páistí \_\_\_\_\_ sa Halla ag am sosa.

### **Uimhreacha**

41. Scríobh i bhfocail: Rang 4: \_\_\_\_\_.
42. Tháinig Siobhán sa tríú (áit) \_\_\_\_\_ sa rás inné.
43. Cé mhéad (cailín) \_\_\_\_\_ atá as láthair inniu?
44. Beidh beirt (múinteoir) \_\_\_\_\_ ag dul go dtí an cheolchoirm ar an mbus.

### **Gramadach an Bhriathair**

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar 'cuir'.

\_\_\_\_\_.

46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa iolra den bhriathar 'oscail'.

\_\_\_\_\_.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'ith'.

\_\_\_\_\_.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'bhailíomar'.

\_\_\_\_\_.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'dhúnfá'.

\_\_\_\_\_.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'ag rá'.

(25 marc)

## ROINN D

### LÉAMHTHUISCINT Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht, atá curtha in oiriúint, as “An tÁdh,” le Pádraig Ó Conaire, foilsithe in *Bóithrín na Beatha, Ó Fallúin Teoranta, 1973, 37-38.***

Bhí an triúr againn, mé féin agus Séamas Antaine agus Micilín Liam ann. Bhíomar i bhfolach ar bhruach na trá in áit nach mbeadh radharc orainn ón mbaile. Dá bhfeicfí sinn is cinnte go mbeadh obair ag duine éigin dúinn le déanamh. Ní raibh fonn oibre orainn agus mar sin chuamar as radharc daoine.

“Cá ngabhfaimid?” arsa Séamas a bhí idir dhá chomhairle.

“Ag bádóireacht,” a deirimse.

“Ach nach gcuimhníonn tú ar an íde béil a fuaireamar an lá cheana nuair a thugamar bád Mharcais Bhig linn go hInis Mór?” arsa Séamas.

Bhí cuimhne mhaith againn ar an íde béil sin gan bhréag...

“B’fhearr liom féin gan bacadh leis an tseoltóireacht, a chairde,” arsa Séamas Antaine.

“Glac mo chomhairle agus buailimis amach faoin gcnoc.”

“Is maith an chomhairle í sin,” arsa Micilín.

“Ach níl orainn,” a deirimse, “aon bhád a thabhairt amach. Nach dtig linn a dhul in éineacht le Tom Beag atá ag dul isteach go Garumna inniu ar an taoide?”

Thosaigh siad beirt ag gáire. Is maith a bhí a fhios acu gur beag an baol a bheadh ar Thom sinn a ligean leis...

“Ní bheidh ’fhios ag Tom go bhfuilimid sa bhád ar chor ar bith. ’Bhfuil sibh sásta teacht?” a deirimse.

Níor thug siad de fhreagra orm ach dul de léim thar an gclaí. Ghreadamar linn go caladh.

Bhí margadh muc le bheith i nGarumna an lá seo agus bhí a seacht nó a hocht de mhuca i málaí sa bhád. Na daoine ar leo iad ní raibh siad le feiceáil in áit ar bith. Go deimhin is minic nach mbacfaí dul leo ar an margadh ar chor ar bith. D’fhágfaí a ndíol faoi Thom, mar is é a bhí in ann an t-airgead a bhaint amach ó na ceannaitheoirí.

Chuamar isteach sa bhád agus ba bheag an mhoill orainn cúpla mála a fháil ag bun an bháid.

“Anois, a chomhludair,” a deirimse, “is é an cleas atá ceaptha agamsa dul isteach sna málaí seo agus fanacht go réidh socair i measc na muc go mbeimid amuigh ar an bhfarraige.”

“Ach nach mbeidh a fhios ag Tom cé mhéad muc atá sa bhád aige?”

“Níor chuimhnigh mé air sin” arsa mise. “Ní bheidh ach beirt againn in ann dul ag seoltóireacht inniu. Caithfidh duine againn fanacht ar an gcaladh le hinsint do Tom gur fágadh dhá mhuc sa bhád.”

“Ach cé a fhanfaidh?” arsa Séamas.

Ní raibh aon duine againn sásta fanacht.

“Cuirimis ar chrannchur é,” a deirimse.

#### **Buntuisicint:**

1. Cén fáth a raibh na buachaillí i bhfolach ar bhruach na trá?
2. Cá ndeachaigh na buachaillí ar an lá a ghoid siad bád Mharcais Bhig?
3. Conas a roghnóidh na buachaillí an duine a fhanfaidh ar an gcaladh chun labhairt le Tom Beag?

#### **Tuisicint liteartha:**

1. Cén fáth ar thosaigh Séamas Antaine agus Micilín Liam ag gáire faoi phlean an údair?
2. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh muinín ag na daoine as Tom Beag?

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht atá curtha in oiriúint as *An Cheist Faoi Mozart* (Úrscéal d'Fhoghlaimoírí), le Michael Morpurgo, aistrithe ag Pádraig de Bléine, Walker Books Ltd, 92-104.**

Maidin fhuar gheimhridh amháin agus an sneachta ina luí ar an talamh, fuair Mama, Papa agus na daoine eile sa cheolfhoireann ordú teacht le chéile sa chlós agus a gcuid uirlisí ceoil a thabhairt leo. Ina dhiaidh sin tugadh ordú dóibh suí agus ceol a sheinm cóngarach do gheataí an champa. Ansin, tháinig na traenacha, agus na carráistí plódaithe le príosúnaigh nua. Chomh luath agus a tháinig siad amach as na traenacha, chuir na Gardaí na príosúnaigh i líne agus roinneadh ina dhá leath iad. Chuir siad na seandaoine, na daoine óga agus na daoine laga thart ar an cheolfhoireann ar a mbealach, a dúirt siad leo, chuig bloc na gcithfholcadán; na daoine aclaí láidre, na daoine a bhí ábalta obair a dhéanamh, thug siad iadsan amach as an líne agus chuir siad chuig na botháin iad. Agus i rith an ama seo ar fad, sheinn an cheolfhoireann ceol de chuid Mozart. Thuig Mama agus Papa roimh i bhfad an fáth a bhí leis - na príosúnaigh a chur ar a suaimhneas, cuma shuaimhneach bhréagach a chur ar an áit sa dóigh go mothódh na príosúnaigh slán sábháilte. Bhí siad féin mar chuid den bhréag. Bhí a fhios acu go maith gurb é an bloc cithfholcadán an seomra gáis...

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, nuair a tháinig Mama agus Papa abhaile chun na Véinéise faoi dheireadh, bhris Papa a veidhlín ina phíosáí beaga agus chuir sé trí thine é. Thug sé mionna nach seinnfeadh sé ar an veidhlín choíche arís. Ach choinnigh Mama a veidhlín féin. Shíl sise go raibh an t-ádh ag baint leis, gurbh é a cara é agus gurbh é an veidhlín a thug slán í...Choinnigh Papa a ghealltanais. Níor sheinn sé oiread is nóta ceoil ina dhiaidh sin...Is é sin an fáth nár sheinn Mama ar a veidhlín ar feadh na mblianta sin ach oiread...

I ndiaidh cúpla bliain rugadh leanbh dóibh agus thug siad Paola air. Nuair a bhí Paola ina ghasúr, d'fhoghlaim sé an veidhlín - i ngan fhios dá thuismitheoirí - ó cheoltóir sráide. Tar éis tamaill, theastaigh ón gceoltóir sráide labhairt le thuismitheoirí Phaola. Chuaigh sé in éineacht le Paola chuig a theach:

“Ba bhreá liom cead a fháil uaibh chun leanúint ar aghaidh ag tabhairt ceachtanna ceoil do Phaola” ar seisean le Mama agus Papa.

“An seinneann sé go maith ar an veidhlín?” a d'fhiafraigh Mama. “An dtig linn éisteacht leis, a Phapa? Le do thoil.”

“Fad agus nach seinneann sé ceol de chuid Mozart,” arsa Papa.

Sheinn Paola gluaiseacht an Gheimhridh as *Na Ceithre Shéasúr* de chuid Vivaldi. Nuair a chríochnaigh sé, labhair an ceoltóir sráide arís:

“Bhuel, cad é do bharúil? Ta bua an cheoil ag do mhac, nach bhfuil? Bua iontach.”

“Níor chóir an bua a chur amú,” arsa Papa go ciúin.

Gach lá, gan teip, ina dhiaidh sin, chuaigh Paola chuig ceachtanna veidhlín.

**Buntuisicint:**

1. Ag tús an tsleachta, cén séasúr a bhí ann?
2. Cén fáth a raibh ar an gceolfhoireann seinm do na príosúnaigh?
3. Cén píosa ceoil a sheinn Paola dá thuismitheoirí?

**Tuisicint liteartha:**

1. Cén fáth ar choinnigh Mama a veidhlín?
2. Ag deireadh an tsleachta, cén fáth nach raibh athair Phaola ag iarraidh ceol Mozart a chloisteáil?

(10 marc)